Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 Eolas

Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a fheabhsú. Forfheidhmiú.

Foilsíodh "Straitéis Dhigiteach nua do Scoileanna 2015-2020, Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a fheabhsú" i mí Dheireadh Fómhair 2015. Tógann an Straitéis Dhigiteach nua ar obair a rinneadh roimhe seo agus tacaíonn sí le straitéis fhoriomlán na Roinne i roinnt príomhréimsí lena n-áirítear forfheidhmiú curaclaim, forbairt scileanna, oiliúint mhúinteoirí agus torthaí foghlaimeora.

Toradh ar thaighde agus comhairleoireacht fhorleathan is ea an Straitéis agus léiríonn sé tuairimí geallshealbhóirí oideachais lena n-áirítear comhlachtaí bainistíochta, príomhoidí, múinteoirí, mic léinn, tuismitheoirí.

Sa Straitéis leagtar amach fís shoiléir atá dírithe ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha eispéiris foghlama scoláirí a athrú ón mbonn aníos trí cabhrú leo a bheith ina smaointeoirí rannpháirteacha, ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, ina bhfoirgneoirí eolais agus ina saoránaigh dhomhanda a ghlacann páirt go huile agus go hiomlán sa tsochaí agus san eacnamaíocht.

Tá cúig phrionsabal tábhachtacha mar thaca faoin Straitéis a aithníodh le linn an chéim chomhairliúcháin agus taighde:

- Treoshuíomh Oideolaíoch Tógachaíoch mar bhonn le leabú TFC i scoileanna. Chuige seo baintear úsáid as modheolaíochtaí teagaisc níos gníomhaí i scoileanna.
- Féadfaidh úsáid TFC sa teagasc, foghlaim agus measúnú feabhas a chur ar eispéiris foghlama na scoláirí uile.
- Tá úsáid TFC sa teagasc, foghlaim agus measúnú leabaithe i gcuraclaim scoile, beartais na Roinne agus oideachas múinteoirí
- Baintear úsáid as TFC ar bhealach eiticiúil agus freagrach
- Tá Pleanáil TFC de dhíth chun a chinntiú go mbíonn comhtháthú TFC ann sa teagasc, foghlaim agus Measúnú.

Ceapadh na prionsabail seo le cinntiú go mbíonn ról onnghníomhach ag an Roinn mar aon lena cuid gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta lena mbaineann, le scoileanna, coláistí oideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile i dtaibh feabhas a chur ar ár gcóras oideachais trí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

Forbraíodh an Straitéis mórthimpeall ar cheithre phríomhthéama. Tá sraith de spriocanna, gníomhartha, amlíne agus freagracht shoiléir ceannais as seachadadh faoi gach téama. Tugtar breac-chuntas gairid orthu ag deireadh an doiciméid seo.

Táthar i mbun pleanála i gcomhair forfheidhmiú na Straitéise, obair a bhfuil rannóga ábhartha na Roinne, a cuid gníomhaireachtaí, seirbhísí tacaíochta agus scoileanna rannpháirteach ann. Tá struchtúir chuí mhonatóireachta agus comhairliúcháin á mbunú ar a n-áireofar Grúpa Sainchomhairleachta a chuimseoidh ionadaithe ó eagraíochtaí bainistíochta Scoile, príomhoidí, múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile lena mbaineann

Tá Achoimre Fheidhmeach na Straitéise agus liosta na spriocanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ar an leathanach faoi TFC i Scoileanna, Straitéis Dhigiteach.

Déanfar an t-eolas ar an leathanach sin a thabhairt cothrom le dáta agus a chothabháil chun scoileanna a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn ar fhorfheidhmiú spriocanna na Straitéise. Tá an Straitéis ina hiomláine ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Digital-Strategy-for-Schools-2015-2020.pdf.

Beidh an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí ag obair as láimh a chéile chun an tacaíocht riachtanach ar thabhairt do scoileanna d'fhonn leabú TFC i dteagasc, foghlaim agus measúnú a éascú. Tá an fhreagracht as forfheidhmiú na Straitéise ar cheannairí scoile agus ar mhúinteoirí chun go bhfeabhsófar eispéireas foghlama na scoláirí trí TFC a úsáid.

Téama 1: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú ag baint Úsáide as TFC

Ar chuspóirí faoin téama seo áirítear **Creat Inniúlachta TFC UNESCO do Mhúinteoirí** agus é curtha in oiriúint don gcomhthéacs Éireannach agus tástáil phíolótach déanta air, an **acmhainn um phleanáil ríomhfhoghlama** do scoileanna a bheith curtha cothrom le dáta, soláthar comhairle agus treorach do mhúinteoirí agus scoileanna, samplaí deachleachtais ar úsáid TFC i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe san áireamh, ráitis soiléire maidir le scileanna digiteacha agus torthaí foghlama sa sonrú curaclaim nua agus inneachar diaiteach ardcháilíochta a bheith ar fáil chun tacú le foahlaim aaus teaaasc

Téama 2: Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

Ar na spriocanna faoin téama seo áirítear úsáid TFC le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe a leabú ag gach céim de chontanam an oideachas múinteoirí; go n-aithneoidh beartais na Roinne maidir le hoideachas múinteoirí an ról agus an acmhainn atá ag TFC chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú; Go leabóidh seirbhísí tacaíochta atá á gcistiú ag an Roinn agus eagraíochtaí gaolmhara úsáid TFC i ndearadh Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, forbairt agus seachadadh treorach agus samplaí deachleachtais um úsáid éifeachtach chriticiúil eiticiúil TFC i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe a chur ar fáil do mhúinteoirí agus le roinnt acu.

Téama 3: Ceannaireacht, Taighde agus Beartas

Ar na príomhghníomhartha faoin téama seo áirítear Struchtúir a bhunú chun maoirseacht agus treoir a chur ar fáil maidir le forfheidhmiú na Straitéise; beartais agus cláir na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí d'fhonn an ról agus an acmhainn atá ag TFC maidir le feabhsú teagaisc, foghlama agus measúnaithe a chur chun cinn, Ceannaireacht Scoile agus Pleanáil agus taighde mar thiománaí beartais.

Téama 4: Infreastruchtúr TFC

Pléann an téama seo nascacht idirlín, rochtain ar ghairis ríomhaireachta agus ar theicneolaíochtaí eile, tacaíocht theicniúil agus cothabháil chomh maith le ceannach agus soláthar.
Tá leathanbhanda ardluais ag gach iarbhunscoil agus leagfar béim anois ar dhíriú ar úsáid éifeachtach a bhaint as ar mhaithe le teagasc agus foghlaim. Ar phríomhthosaíochtaí na Straitéise áireofar i gcónaí feabhas a chur ar nascacht idirlín i mbunscoileanna faoin gClár Leathanbhanda atá ann faoi láthair agus comhoibriú leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun tuilleadh feabhais a chur air.
Sa Straitéis Dhigiteach nua aithnítear gur gá trealamh scoile a nuashonrú agus infheistíochtaí a dhéanamh ann. Dá réir sin tá ciste €210m geallta agus cuirfear tús le hinfheistíocht €30m sa scoilbhliain seo chugainn (2016/2017) a ardófar go €50m sa bhliain dar gcionn.
Deimhneofar cineál cruinn an trealaimh agus an bhonneagair atá le cistiú agus fógrófar na sonraí seo níos déanaí.